AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.1.2026
COM(2026) 47 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

ar chaiteachas CERT

Córas Luathrabhaidh 7-12/2025

1. TÁBLA MAIDIR LE TOMHALTAS SEALADACH AN 31/12/2025

Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo cur chun feidhme sealadach bhuiséad 2025 le haghaidh an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) an 31/12/2025, agus tugtar mionsonraí sa tábla thíos. Déantar comparáid idir an leibhéal cur chun feidhme agus na leithreasuithe comhfhreagracha a chuimsítear i mbuiséad 2025.

Bliain airgeadais 2025[1]

TOMHALTAS SEALADACH LEITHREASUITHE CERT AN 31/12/2025

In EUR milliúin

		Buiséad Leithreasuithe [2]	Caiteachas an 15/10/2025	Réamhaisnéis chaiteachas díreach an Choimisiúin go dtí an 31/12/2025	Caiteachas iomlán na bliana airgeadais 2025	Cur chun feidhme	Bearna idir caiteachas agus leithreasuithe	
		EUR mill	EUR mill	EUR mill	EUR mill	%	%	EUR mill
		A	B	C	D=B+C	E=D/A	F=E-100 %	G=D-A
	Caiteachas	***39,975.9***	***40,853.4***	***10.9***	***40,864.4***	***102.2%***	***2.2%***	***888.5***
08 01	***Caiteachas riaracháin tacaíochta na Braisle 'an Beartas Talmhaíochta agus Muiri'***	***2.7***	***2.7***	***0.0***	***2.7***	***100.0%***	***0.0%***	***0.0***
08 01 01	**Caiteachas tacaíochta le haghaidh an 'Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta'**	**2.7**	**2.7**	**0.0**	**2.7**	**100.0%**	**0.0%**	**0.0**
08 02	***An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT)***	***39,973.2***	***40,850.7***	***10.9***	***40,861.7***	***102.2%***	***2.2%***	***888.5***
08 02 01	**Cúlchiste talmhaíochta (*Ich. 2)**	**280.2**	**255.3**		**255.3**	**91.1%**	**-8.9%**	**-25.0**
08 02 02	**Cineálacha idirghabhálacha earnála faoi Phleananna Straitéiseacha CBT**	**1,795.2**	**1,728.9**		**1,728.9**	**96.3%**	**-3.7%**	**-66.3**
08 02 02 01	Earnáil na dtorthaí agus na nglasraí	769.0	783.9		783.9	101.9%	1.9%	14.9
08 02 02 02	Earnáil na dtáirgí beachaireachta	58.0	51.9		51.9	89.5%	-10.5%	-6.1
08 02 02 03	Earnáil an fhíona	884.0	833.4		833.4	94.3%	-5.7%	-50.6
08 02 02 04	Earnáil na leannlusanna	2.2	2.2		2.2	100.0%	0.0%	0.0
08 02 02 05	Earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird	45.0	37.5		37.5	83.2%	-16.8%	-7.5
08 02 02 06	Earnálacha eile	37.0	20.0		20.0	54.1%	-45.9%	-17.0
08 02 03	**Caiteachas a bhaineann leis an margadh lasmuigh de Phleananna Straitéiseach CBT**	**1,065.0**	**1,072.4**	**0.0**	**1,072.4**	**100.7%**	**0.7%**	**7.4**
08 02 03 01	POSEI agus na hOileáin Bheaga Aeigéacha (cé is moite d'íocaíochtaí díreacha)	226.0	231.1		231.1	102.2%	2.2%	5.1
08 02 03 02	Táirgí talmhaíochta a chur chun cinn — Cláir shimplí faoi bhainistíocht chomhroinnte	81.0	72.5		72.5	89.6%	-10.4%	-8.5
08 02 03 03	Táirgí talmhaíochta a chur chun cinn — Ilchláir agus gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach	40.0	40.0	0.0	40.0	100.0%	0.0%	0.0
08 02 03 04	Scéimeanna scoile	200.0	185.8		185.8	92.9%	-7.1%	-14.2
08 02 03 05	Ola olóige	p.m.	0.0		0.0			0.0
08 02 03 06	Torthaí agus glasraí	393.0	410.1		410.1	104.4%	4.4%	17.1
08 02 03 07	Fíon	125.0	132.8		132.8	106.3%	6.3%	7.8
08 02 03 08	Beachaireacht	p.m.	0.0		0.0			0.0
08 02 03 09	Leannlusanna	p.m.	0.0		0.0			0.0
08 02 03 10	Bearta stórála poiblí agus príobháideacha	p.m.	0.0		0.0			0.0
08 02 04	**Cineálacha idirghabhálacha íocaíochtaí díreacha faoi Phleananna Straitéiseacha CBT**	**36,143.6**	**37,216.2**		**37,216.2**	**103.0%**	**3.0%**	**1,072.6**
08 02 04 01	Tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta (**Ich. 2)	18,009.6	18,773.3		18,773.3	104.2%	4.2%	763.7
08 02 04 02	Tacaíocht ioncaim athdháilte fhorlíontach i dtaobh na hinbhuanaitheachta	4,019.0	3,977.3		3,977.3	99.0%	-1.0%	-41.7
08 02 04 03	Tacaíocht ioncaim fhorlíontach d'fheirmeoirí óga	700.0	696.6		696.6	99.5%	-0.5%	-3.4
08 02 04 04	Scéimeanna maidir leis an aeráid agus maidir leis an gcomhshaol	8,701.0	9,076.7		9,076.7	104.3%	4.3%	375.7
08 02 04 05	Tacaíocht ioncaim chúpláilte	4,472.0	4,474.9		4,474.9	100.1%	0.1%	2.9
08 02 04 06	Íocaíocht i leith barr sonrach le haghaidh cadáis	242.0	217.5		217.5	89.9%	-10.1%	-24.5
08 02 05	**Íocaíochtaí díreacha lasmuigh de Phleananna**	**474.0**	**467.1**		**467.1**	**98.5%**	**-1.5%**	**-6.9**
08 02 05 01	POSEI agus na hOileáin Bheaga Aeigéacha (íocaíochtaí díreacha)	444.0	438.4		438.4	98.7%	-1.3%	-5.6
08 02 05 02	An scéim íocaíochta aonair limistéir (SIAL)	2.8	1.7		1.7	62.1%	-37.9%	-1.1
08 02 05 03	Íocaíocht athdháilte	0.2	0.3		0.3	141.6%	41.6%	0.1
08 02 05 04	Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí (SÍB)	13.0	14.1		14.1	108.4%	8.4%	1.1
08 02 05 05	Íocaíocht do chleachtais talmhaíochta a dhéanann leas na haeráide agus an chomhshaoil	9.3	8.6		8.6	93.0%	-7.0%	-0.7
08 02 05 06	Íocaíochtaí d'fheirmeoirí i limistéir ina bhfuil srianta nádúrtha	p.m.	0.0		0.0			0.0
08 02 05 07	Íocaíocht d'fheirmeoirí óga	0.6	0.7		0.7	117.2%	17.2%	0.1
08 02 05 08	Íocaíocht i leith barr sonrach le haghaidh cadáis	0.2	0.2		0.2	91.0%	-9.0%	0.0
08 02 05 09	Scéim tacaíochta cúpláilte deonaí	3.6	2.7		2.7	75.1%	-24.9%	-0.9
08 02 05 10	Scéim na bhfeirmeoirí beaga	0.3	0.3		0.3	114.5%	14.5%	0.0
08 02 06	**Straitéis bheartais, comhordúchán agus iniúchadh**	**214.7**	**108.1**	**10.9**	**119.1**	**55.5%**	**-44.5%**	**-95.6**
08 02 06 01	Ceartúcháin airgeadais i bhfabhar na mBallstát tar éis imréiteach cuntas agus cinntí maidir le himréiteach	113.1	14.0		14.0	12.4%	-87.6%	-99.1
08 02 06 02	Díospóidí a réiteach	p.m.	3.4		3.4			3.4
08 02 06 03	CERT – Cúnamh teicniúil oibríochtúil	101.6	90.7	10.9	101.6	100.0%	0.0%	0.0
08 02 99	**Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích**	**0.5**	**2.7**		**2.7**	**548.7%**	**448.7%**	**2.2**

[1] Bliain airgeadais = an 16/10/2024 go an 15/10/2025 ach féadfar caiteachas faoi bhainistíocht dhíreach an Choimisiúin a dhéanamh go dtí an 31/12/2025.

[2] Baineann sé le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas.

Bliain airgeadais 2025[1]

TOMHALTAS SEALADACH LEITHREASUITHE CERT AN 31/12/2025

In EUR milliúin

		Buiséad Leithreasuithe [2]	Caiteachas/Ioncaim sannta an 15/10/2025	Cur chun feidhme
		EUR mill	EUR mill	%
		A	B	C=B/A
	(*) Cúlchiste talmhaíochta ina bhfuil EUR 366,5 milliún a tugadh anonn ón mbliain airgeadais 2024:			
08 02 01	Cúlchiste talmhaíochta - lena n-áirítear méid a tugadh anonn ón mbliain airgeadais roimhe sin	646.7	255.3	39.5%
	(**) Chun críche faisnéise amháin: caiteachas in aghaidh leithreasuithe bunaidh agus ioncam sannta			
08 02 04 01	Tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta - lena n-áirítear ioncam sannta	18,959.0	18,773.3	99.0%

	Ioncam sannta [3] [4]	***949.4***	***983.6***	***103.6%***
6 2 0 0	An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta — ioncam sannta a mheastar a bheith bailithe sa bhliain airgeadais	395.0	427.8	108.3%
	Ioncam sannta a tugadh anonn ón mbliain airgeadais roimhe sin	554.4	555.8	100.3%

[1] Bliain airgeadais = an 16/10/2024 go an 15/10/2025 ach féadfar caiteachas faoi bhainistíocht dhíreach an Choimisiúin a dhéanamh go dtí an

[2] Baineann sé le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas.

[3] Ioncam sannta don Tacaíocht Bhunúsach Ioncaim i dtaobh na hInbhuanaitheachta chun an gá le leithreasuithe buiséid a laghdú.

[4] Lena n-áirítear ioncam sannta ón Ríocht Aontaithe a bhí ina Ballstát go dtí an 31/01/2020

2. BARÚLACHA MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME CHÚLCHISTE TALMHAÍOCHTA 2025

In 2025, bhí EUR 646,7 milliún sa chúlchiste talmhaíochta, lena n-áirítear méid EUR 366,5 milliún a tugadh anall ó Bhuiséad 2024. Glacadh cúig bheart, ar luach EUR 177,5 milliún san iomlán[1]. Dearbhaíodh EUR 255,3 milliún d'íocaíochtaí san

[1] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/441 ón gCoimisiún an 6 Márta 2025 lena ndéantar foráil maidir le tacaíocht airgeadais éigeandála le haghaidh na n-earnálacha talmhaíochta atá buailte le teagmhais dhíobhálacha aeráide agus le tubaistí nádúrtha sa Spáinn, sa Chróit, sa Chipir, sa Laitvia agus san Ungáir, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. (IO L, 2025/441, 10.3.2025
ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/441/oj)
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1137 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2025 lena ndéantar foráil maidir le tacaíocht airgeadais éigeandála le haghaidh na n-earnálacha talmhaíochta atá buailte ag teagmhais dhíobhálacha aeráide agus ag tubaistí nádúrtha sa tSeicia agus sa tSlóivéin, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.(IO L, 2025/1137, 11.6.2025
ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1137/oj);
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1145 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2025 maidir le bearta tacaíochta eisceachtúla le haghaidh earnálacha an bhainne agus na muiceola sa Ghearmáin (IO L, 2025/1145, 11.6.2025
ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1145/oj);
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1485 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2025 maidir le bearta margaidh eisceachtúla le haghaidh earnálacha na n-uibheacha agus na feola éanlaithe clóis sa Pholainn (IO L, 2025/1485, 25.7.2025,
ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1485/oj);
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2061 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2025 lena ndéantar foráil maidir le tacaíocht airgeadais éigeandála le haghaidh na n-earnálacha talmhaíochta atá buailte le teagmhais dhíobhálacha aeráide sa Bhulgáir, sa Laitvia, sa Liotuáin, san Ungáir, sa Pholainn agus sa Rómáin i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2025/2061, 13.10.2025,
ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2061/oj).

iomlán faoi Bhuiséad 2025. Leis na híocaíochtaí sin cumhdaíodh an caiteachas a bhí fágtha ó na bearta eisceachtúla a glacadh in 2024 chomh maith leis na méideanna a dearbhaíodh (EUR 63,5 milliún) a bhaineann leis an tacaíocht airgeadais éigeandála le haghaidh na n-earnálacha talmhaíochta atá buailte le teagmhais dhíobhálacha aeráide agus le tubaistí nádúrtha sa Spáinn, sa Chróit, sa Chipir, sa Laitvia agus san Ungáir, a glacadh in 2025.

Na híocaíochtaí le haghaidh na gceithre bheart eile a glacadh in 2025, arb é an méid iomlán atá iontu EUR 78,9 milliún, maoineofar iad faoi chúlchiste talmhaíochta 2026. Dá bhrí sin, tabharfar fuílleach na leithreasuithe, is é sin EUR 391,4 milliún, anonn go dtí Buiséad 2026.

3. BARÚLACHA MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME SEALADACH BHUISÉAD CERT LE hAGHAIDH 2025

Tá cur chun feidhme deiridh na gcineálacha idirghabhálacha earnála faoi Phleananna Straitéiseacha CBT (08 02 02) níos ísle ná mar a bhí sa bhuiséad (-3,7 %) ach tá feabhas mór tagtha air i gcomparáid leis an mbliain airgeadais roimhe seo (-18,6 % ag deireadh na bliana 2024).

Ar an taobh eile, an caiteachas a bhaineann leis an margadh lasmuigh de Phleananna Straitéiseacha CBT (08 02 03), tá sé beagán níos airde ná an méid a bhí sa bhuiséad (0,7 %), rud a chuitíonn go páirteach an tearcúsáid faoi na Pleananna.

An tearc-fhorghníomhú foriomlán EUR 58,9 milliún le haghaidh idirghabhálacha earnála agus caiteachas a bhaineann leis an margadh, léirítear leis, chomh maith le nithe eile, go bhfuil am ag teastáil ó na Ballstáit chun iad féin a oiriúnú don bheartas atá i bhfeidhm ó bhí 2023 ann, carnadh na ngéarchéimeanna le blianta beaga anuas, agus patrúin an éilimh atá ag athrú (maidir leis an margadh inmheánach agus an margadh seachtrach).

Na hidirghabhálacha ar íocaíochtaí díreacha iad faoi phleananna CBT (08 02 04), léirítear leo cur chun feidhme iontach a sháraíonn an buiséad de bheagán (103 % de na leithreasuithe a vótáladh agus 100,3 % de na leithreasuithe buiséid agus ioncam sannta).

Is é an toradh atá ar an gcaiteachas sealadach i mbuiséad CERT le haghaidh 2025, lena n-áirítear gníomhaíochtaí measta a cuireadh chun feidhme go hiomlán faoi bhainistíocht dhíreach an Choimisiúin go dtí an 31 Nollaig 2025, ró-fhorghníomhú EUR 888,5 milliún (2,2 %) i gcomparáid leis na leithreasuithe buiséid a vótáladh. I bhfianaise an ioncaim shannta EUR 983,6 milliún atá ar fáil agus an méid EUR 366,5 milliún a tugadh anonn ó chúlchiste talmhaíochta 2024, is é EUR 461,6 milliúin tearcúsáid iomlán CERT.

Cuimsítear leis an mbarrachas foriomlán CERT sin EUR 391,4 milliún ón gcúlchiste talmhaíochta, a thabharfar anonn, i gcomhréir le hAirteagal 16(2), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) 2021/2116, go dtí cúlchiste talmhaíochta 2026.

An barrachas EUR 70,2 milliún atá fágtha, is ioncam breise é arna shannadh do CERT atá le tabhairt anonn go huathoibríoch ó 2025 go 2025 i gcomhréir le hAirteagal 12(4)(b) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, rud a laghdóidh an méid leithreasuithe is gá i mBuiséad 2026.